

# COMHAR

LEABHAIRCOMHAR | COMHAR ÓG | COMHAR TAIGHDE

## PORTRÁIDÍ NA SCRÍBHNEOIRÍ GAEILGE

47 SRÁID HARRINGTON, BAILE ÁTHA CLIATH 8 Guthán: +353 – 1 – 6751922 Ríomhphost: oifig@comhar.ie;  
leabhaircomhar@comhar.ie; comhartaighde@comhar.ie. Idirlíon: www.comhar.ie; www.comhar.ie/leabhair; www.comhartaighde.ie

Cathaoirleach: Cathal Goan Feidhmeannach Riaracháin agus Gnó: Elly Shaw Feidhmeannach Foilsitheoireachta Leabhar: Caitríona Ní Dhúnáin

Stiúrthóir: Cormac Breathnach, An Dr Liam Mac Amhlaigh, Órla Ní Chuilleanáin, An Dr Katie Ní Loingsigh,  
Muireann Ní Mhóráin, Paula Ní Shlatarra, Uaitéar Ó Ciaruáin, Fiachra Ó Marcaigh

## PORTRÁIDÍ NA SCRÍBHNEOIRÍ GAEILGE

[www.portraidi.ie](http://www.portraidi.ie); [portraidi@comhar.ie](mailto:portraidi@comhar.ie); [www.facebook.com/portraidi/](https://www.facebook.com/portraidi/); [@scribhneoiri](https://www.instagram.com/portraidi/)

Eagarthóir: An Dr Liam Mac Amhlaigh Feidhmeannaigh tionscadail: Elly Shaw & Caitríona Ní Dhúnáin Comhairleoir teicniúil & deartha: Ronan Doherty

Tionscadal comhpháirtíochta idir COMHAR & Foras na Gaeilge

[www.portraidi.ie](http://www.portraidi.ie)

## PREASRÁITEAS: 16 SAMHAIN 2017

Is mór ag COMHAR agus Foras na Gaeilge dhá phársa nuachta a bhaineann leis an togra seo lena mbaineann leabhar eisceachtúil (*Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge*) agus láithreán gréasáin spleodrach ([www.portraidi.ie](http://www.portraidi.ie)), a fhógairt, mar atá:

- seoladh ag Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge, Seán Ó Coinn, ar an gcéad sraith phortráidí nua (liosta 2017) i g**Céim 2** den tionscadal; agus
- fógra poiblí ar ainmneacha na scríbhneoirí nua (liosta 2018) a bheidh sa dara sraith phortráidí nua.

### Na scríbhneoirí nua i gCéim 2

Tionscadal ilchéimneach, ilbhliantúil is ea *Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge*. Sa chéad chéim den tionscadal cuireadh an leabhar agus an láithreán ar fáil bunaithe ar an gcartlann reatha phortráidí digiteacha. Sa dara céim den tionscadal, cuirfear portráidí dá bhfuil ann de scríbhneoirí eile na Gaeilge sna seánraí éagsúla leis an gcartlann seo go bliantúil chun an chartlann a iomlánú thar am. Beidh sé i gceist ocht sraith de phortráidí nua/ochtar scríbhneoirí a chur leis an mbunachar in aghaidh na bliana. Chuige sin, ba mhór le páirtithe an

tionscadaíl portráidí ón gcéad liosta nua scríbhneoirí, liosta 2017, a bhaineann le **Céim 2** den togra a sheoladh anocht ag ócáid speisialta i Halla Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1. Is iad siúd:

- **Bríd Ní Mhóráin:** file
- **Darach Mac Con Iomaire:** drámadóir agus scríbhneoir scrípte
- **Darach Ó Scolaí:** úrscéalaí
- **Joe Steve Ó Neachtain:** gearrscéalaí, drámadóir, file agus úrscéalaí
- **Máire Nic Mhaoláin:** aistritheoir agus eagarthóir
- **Orna Ní Choileáin:** úrscéalaí, gearrscéalaí, drámadóir, agus scríbhneoir do pháistí
- **Regina Uí Chollatáin:** Ceann ar Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus scríbhneoir acadúil
- **Tadhg Ó Dúshláine:** Iarléachtóir sinsearach le Nua-Ghaeilge in Ollscoil Mhá Nuad, file agus scríbhneoir acadúil

Anuas orthu siúd, ba mhaith le páirtithe an tionscadaíl liosta 2018 a fhógairt ag an seoladh céanna:

- **Cathal Ó Háinle:** Iarollamh le Nua-Ghaeilge i gColáiste na Tríonóide agus scríbhneoir acadúil
- **Doireann Ní Ghríofa:** file
- **Pádraic Breathnach:** Iarléachtóir le Gaeilge, i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach, gearrscéalaí agus úrscéalaí
- **Pádraigín Riggs:** Iarléachtóir sinsearach le Nua-Ghaeilge i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, agus scríbhneoir acadúil
- **Póilín Ní Chiaráin:** iriseoir
- **Ruairí Ó hUiginn:** Stiúrthóir, Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, agus scríbhneoir acadúil
- **Siobhán Parkinson:** scríbhneoir don aos óg
- **Tadhg Mac Dhonnagáin:** scríbhneoir scrípte agus scríbhneoir don aos óg

Réiteofar portráidí den ochtar scríbhneoirí seo, móide eolas beathaisnéise agus sonraí gaolmhara eile sa chéad sé mhí de 2018 le poiblíú faoi mhí na Nollag an bhliain seo chugainn, nuair a sheolfar an t-ábhar agus nuair a fhógrófar liosta 2019. Tá COMHAR agus Foras na Gaeilge thar a bheith buíoch do na scríbhneoirí agus na grianghrafadóirí a thoiligh a bheith páirteach sa togra spreagúil seo. Foilseachán stairiúil is ea é seo; ceiliúradh ar an oidhreacht liteartha a chuir na scríbhneoirí seo ar fáil don teanga.

## Cúlra

### *Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge*

Tionscadal eiseamláireach é **Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge** a dhéanann an Scríbhneoir Gaeilge a chomóradh agus a thugann ábhar grianghrafadóireachta den scoth i láthair an phobail. Sa chnuasach álainn lándaite seo, foilsítear portráidí de 107 de na scríbhneoirí is aitheanta i saol na Gaeilge, idir údair liteartha agus scríbhneoirí acadúla, ar tógadh a bportráidí go digiteach idir 2009-2013, ag Máire Uí Mhaicín d'Fhoras na Gaeilge. Cuimsítear filí, úrscéalaithe, gearrscéalaithe, scríbhneoirí béaloidis, scríbhneoirí do pháistí, scoláirí léinn agus scríbhneoirí ó sheánraí liteartha eile. Cuirtear beathaisnéis agus, de réir mar a oireann, sliocht dá saothar go tánaisteach leo. Mar sin féin, tá béim faoi leith ar an bportráidíocht ealaíonta iontu a léiríonn daonnacht na scríbhneoirí céanna. Cuirtear réamhrá agus sleachta cuimhní cinn leis an leabhar freisin, agus tá an láithreán gréasáin inchoardaithe ina áis luachmhar do shaol na Gaeilge anois agus sa toadhcháil.

### **An grianghrafadóir tosaigh: Máire Uí Mhaicín**

Léachtóir agus scríbhneoir ab ea Máire Uí Mhaicín, a shaothraigh ar an togra dúshlánach grianghrafadóireachta seo ar feadh roinnt blianta i ndiaidh di críoch a chur lena teagasc ar an tríd leibhéal. Bunaíodh an tionscadal seo ar na buanna a bhí ag Máire leis an teanga, leis an aithne agus eolas a bhí aici ar scríbhneoirí agus scríbhneoireacht na Gaeilge, agus ar an umar léinn a bhí aici ar gach gné de litríocht na Gaeilge thar cúpla céad bliain. Thuig sí ealaíon na portráidíochta agus conas mar a chuaigh an duine i bhfeidhm ar a bportráid agus a mhalairt.

### **Na grianghrafadóirí i gCéim 2**

Tá na grianghraif sa chéim seo á nglacadh ag an bpainéal nuabhunaithe de cheathrar grianghrafadóirí, a ceapadh le teacht i gcomharbacht ar Mháire Uí Mhaicín chun cúram na portráidíochta a leanúint. Is iad **Ronan Doherty**, comhairleoir deartha agus teicniúil, *Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge*, **Lára Ní Mhaoláin**, léachtóir le Nua-Ghaeilge, Ollscoil Mhá Nuad, **Seán Ó Mainnín**, eagarthóir grianghrafadóireachta tuairisc.ie, agus **Máirín Seoighe**, scannánadóir agus bunaitheoir *Scannáin Dobharchú*.

### **COMHAR**

Príomhfhoilsitheoir náisiúnta na Gaeilge é **COMHAR**, a fhoilsíonn iris mhíosúil liteartha na Gaeilge, *Comhar*, iris do léitheoirí iarbhunskoile, **COMHAR Óg**, iris acadúil phiarmheasta bhliantúil **COMHAR Taighde**, le hinphrionta leabharfhoilsitheoireachta, **LeabhairCOMHAR**, agus tograí foilsitheoireachta eile idir lámha i saol na Gaeilge. Tá **COMHAR** buíoch de Fhoras na Gaeilge, de Chlár na Leabhar Gaeilge, den Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, d'Acadamh Ríoga na hÉireann agus den Chomhairle Ealaíon as a dtacaíocht leanúnach sna tograí seo.

### **Foras na Gaeilge**

Faoi réir Chomhaontú Aoine an Chéasta bunaíodh An Foras Teanga, Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas, chun an Ghaeilge agus an Ultais a chur chun cinn. Faoi choimirce an chomhlachta sin, déanann Foras na Gaeilge na freagrachtaí go léir i dtaca leis an nGaeilge a chur i gcrích. I measc na bhfreagrachtaí sin tá labhairt agus scríobh na Gaeilge sa saol poiblí agus sa saol príobháideach i bPoblacht na hÉireann. Tá an fhreagracht chéanna ann i leith Thuaisceart Éireann, sa chás go mbíonn an t-éileamh cuí ann agus i gcomhthéacs Chuid III de Chairt Chomhairle na hEorpa um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh.



### **Tuilleadh eolais:**

Elly Shaw & Caitríona Ní Dhúnáin, **COMHAR**: (01) 675 1922, [gno@comhar.ie](mailto:gno@comhar.ie) & [leabhaircomhar@comhar.ie](mailto:leabhaircomhar@comhar.ie)  
Anna Davitt, **Foras na Gaeilge**: (01) 649 8400, 087 673 6175, [adavitt@forasnaGaeilge.ie](mailto:adavitt@forasnaGaeilge.ie)